Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5383/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0388(NLE)**

**UK 10**
**ENER 20**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH (AE) ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Speisialaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe um Fhuinneamh arna bhunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le socruithe trádála leictreachais idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gCoiste Speisialaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe um Fhuinneamh arna bhunú faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le socruithe trádála leictreachais idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/689[1] maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[2] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann tá feidhm shealadach ag an gComhaontú Trádála agus Comhair agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021.

(2) De bhun Airteagal 8(4), pointe (c), den Chomhaontú Trádála agus Comhair, féadfaidh an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh ('an Coiste Speisialaithe') cinntí agus moltaí a ghlacadh i ndáil le gach cás ina bhforáiltear dó sin sa Chomhaontú Trádála agus Comhair nó aon chomhaontú forlíontach dar tharmlig an Chomhairle Comhpháirtíochta cumhachtaí dó, ar shaincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta. De bhun Airteagal 10(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, tá coiste le cinntí a ghlacadh agus le moltaí a dhéanamh trí chomhthoil.

---

1 Cinneadh (AE) 2021/689 an 29 Aibreán 2021 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2).

2 IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

(3) Ceanglaítear le hAirteagal 311(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair ar gach Páirtí a áirithiú go mbeidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú i gcás idirnascairí leictreachais margadhbhunaithe, trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach. Ba cheart do na Páirtithe aghaidh a thabhairt, i measc nithe eile agus de réir mar is iomchuí, ar ríomh acmhainneachta, bainistiú ar phlódú agus socruithe trádála le haghaidh gach creat ama ábhartha, lena n- áirítear an creata ama lá roimh ré. De bhun Airteagal 311(1), pointe (f), i gcomhar le hAirteagal 311(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú thar idirnascairí leictreachais comhordaithe idir an tAontas agus oibreoirí córais tarchurtha leictreachais na Ríochta Aontaithe ('OCTanna') le haghaidh gach creat ama ábhartha agus ní chiallóidh comhordú den sórt sin rannpháirtíocht na n- oibreoirí sin i nósanna imeachta ábhartha an Aontais ná ní bheidh sé intuigthe leis.

(4) Ceanglaítear le hAirteagal 312(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair go nglacfaidh an Coiste Speisialaithe, le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú ag an gcéim lá roimh ré, mar ábhar tosaíochta, na céimeanna is gá i gcomhréir le hAirteagal 317 chun a áirithiú go bhforbróidh OCTanna socruithe ina leagfar amach nósanna imeachta teicniúla le haghaidh an chreata ama lá roimh ré.

(5) An 22 Eanáir 2021, sholáthair Ard- Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh agus Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe réamh- mholadh do na hOCTanna, sular thosaigh an Coiste Speisialaithe ar an obair. Maidir le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta don chreat ama lá roimh ré, tugadh cuireadh sa réamh- mholadh do OCTanna samhail spriocdhírithe lá roimh ré a ullmhú maidir leis an gcoincheap de 'chúpláil toirte scaoilte ilréigiúin' i gcomhréir le hAirteagal 312(1), Airteagal 317(2) agus (3) agus Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair. Maidir le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta le haghaidh creataí ama seachas an creat ama lá roimh ré, tugadh cuireadh leis an réamh- mholadh do OCTanna na bPáirtithe togra le haghaidh amlíne a ullmhú chun na dréacht- nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt.

(6) Ag glacadh leis gur chuir an Coiste Speisialaithe tús lena chuid oibríochtaí le linn 2021, is iomchuí, de bhun Airteagal 317(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, go ndeimhníonn sé anois, mar mholadh uaidh do na Páirtithe, an réamh- mholadh arna eisiúint an 22 Eanáir 2021, arna sholáthar ag na Páirtithe do na hOCTanna, ag iarraidh orthu tús a chur le hullmhú na nósanna imeachta teicniúla maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais. Ba cheart go leanfadh an réamh- mholadh, a luaithe is a dheimhnítear é mar mholadh de chuid an Choiste Speisialaithe, de bhunús a thabhairt d'aon obair eile de chuid na nOCTanna chuige sin.

(7) Bunaithe ar an réamh- mholadh an 22 Eanáir 2021, chuir OCTanna an dá Pháirtí measúnú costais is tairbhe isteach chuig an gCoimisiún maidir leis na roghanna chun an chúpláil toirte scaoilte ilréigiúin a fhorbairt mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair agus imlíne de na nósanna imeachta teicniúla comhfhreagracha. An 7 Bealtaine 2021, chuir an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh a tuairim neamhfhoirmiúil maidir leis an measúnú sin isteach chuig an gCoimisiún.

(8) Bhreithnigh an Coimisiún toradh an mheasúnaithe costais is tairbhe agus tuairim na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh in aghaidh cheanglais an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus chuir sé an Chomhairle ar an eolas maidir lena réamhthuairimí. Bhain sé de chonclúid as nach mór na torthaí a fuair na hOCTannaa scagadh arís agus go dteastaíonn tuilleadh faisnéise maidir leis na roghanna go léir ar a ndearna siad anailís. D'aontaigh an Ríocht Aontaithe leis an gconclúid ag cruinniú den Choiste Speisialaithe an 30 Márta 2022.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, tacú leis an nglacadh a dhéanfaidh an Coiste Speisialaithe ar Mholadh do na Páirtithe maidir lena n- iarraidh ar na hOCTanna maidir le faisnéis bhreise lena bhforlíontar an measúnú costais is tairbhe agus na tograí imlíne le haghaidh nósanna imeachta teicniúla chun cuidiú leis an gCoiste Speisialaithe a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 312(1) agus Airteagal 317(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Is iomchuí é go n-iarrann an Aontas ar a OCTanna faisnéis bhreise den sórt sin a sholáthar laistigh de 5 mhí ó dháta na hiarrata.

(10) Tá an Coiste Speisialaithe leis an Moladh do gach Páirtí a ghlacadh maidir lena n- iarrataí chuig OCTanna i bhfianaise nósanna imeachta teicniúla a ullmhú maidir le húsáid éifeachtúil idirnascairí leictreachais chomh luath agus is féidir. Tá an Coiste Speisialaithe chun an Moladh a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe eile dá chuid, nó trí nós imeachta i scríbhinn, cibé acu is túisce, tar éis do gach Páirtí na nósanna imeachta intíre a chur i gcrích.

(11) Is iomchuí an seasamh atá le ghlacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe a bhunú a bhaineann leis an Moladh do gach Páirtí maidir lena n- iarrataí chuig OCTanna, ós rud é go bhféadfadh an Moladh beartaithe tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar acquis an Aontais nó an bealach ina ndéanfar é a chur chun feidhme, go háirithe Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún[1],

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) 2015/1222 an 24 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh, beidh sé bunaithe ar an dréachtmholadh ón gCoiste Speisialaithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*